Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Feabhra 2025**
**(OR. en)**

**6451/25**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2024/0322(NLE)**
**2024/0324(NLE)**

**RECH 65**
**MED 11**
**AGRI 69**
**MIGR 70**
**RL 4**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 17097/24 + ADD 1<br>17098/24 + ADD 1 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha, lena leasaítear agus lena bhforlíontar an Comhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Liobáine, lena leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha do rannpháirtíocht Phoblacht na Liobáine sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA)<br>- Glacadh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe, i bhfoirm Malartú Litreacha, lena leasaítear agus lena bhforlíontar an Comhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Liobáine, lena leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha do rannpháirtíocht Phoblacht na Liobáine sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA)<br>- Comhaontú i bprionsabal<br>- Iarraidh ón gComhairle ar thoiliú ó Pharlaimint na hEorpa |

1. An 19 Nollaig 2024, chuir an Coimisiún an dá thogra thuasluaite faoi bhráid na Comhairle[1]. Is é is aidhm do na tograí Comhaontú a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Liobáine, i bhfoirm Malartú Litreacha, chun an Comhaontú maidir le comhar eolaíoch agus teicneolaíoch lena leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha i ndáil le rannpháirtíocht Phoblacht na Liobáine sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) a leasú agus a fhorlíonadh.

2. Cuireadh inisealacha le téacs an Chomhaontaithe an 22 Iúil 2024, tar éis don Chomhairle údarú a thabhairt don Choimisiún an 9 Samhain 2023 tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht na Liobáine.

3. An 27 Eanáir 2025, chuir an Coimisiún na tograí faoi bhráid na Meithle um Thaighde.

4. Tháinig an Mheitheal um Thaighde ar chomhaontú maidir leis na tograí tar éis comhairliúchán i scríbhinn a tugadh i gcrích an 4 Feabhra 2025.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle, le linn chuid 'A' de chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, an méid seo a leanas:

   (a) an cinneadh ón gComhairle lena bhformheastar síniú an Chomhaontaithe seo, i bhfoirm Malartú Litreacha, mar a d'athbhreithnigh na dlítheangeolaithe é agus mar a leagtar amach in 5943/25 é don chinneadh ón gComhairle agus mar a leagtar amach in 5949/25 don Chomhaontú é, a ghlacadh.

   (b) cinneadh a dhéanamh an cinneadh ón gComhairle maidir leis an tabhairt i gcrích agus an Comhaontú, i bhfoirm Malartú Litreacha, mar a d'athbhreithnigh na dlítheangeolaithe é agus mar a leagtar amach in 5948/25 é le haghaidh an chinnidh ón gComhairle agus mar a leagtar amach in 5949/25 é le haghaidh an Chomhaontaithe, a chomhaontú i bprionsabal, agus an cinneadh ón gComhairle maidir leis an tabhairt i gcrích agus an Comhaontú a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.

6. Foilseofar na cinntí ón gComhairle san Iris Oifigiúil i gcomhréir le hAirteagal 17(2)(b) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

---

[1] 17097/24 + ADD 1 agus 17098/24 + ADD 1